Údarás na Gaeltachta

# Bainisteoir Seirbhísí Faisnéise

## Príomhoifigeach Cúnta - Post Buan



*Leabhrán Faisnéise Iarrthóra*

***Spriocdháta:** 4 i.n. 23 Aibreán 2026*

Rialtas na hÉireann

Faoi Rún

*Tá Údarás na Gaeltachta ag reáchtáil comórtais le duine a cheapadh sa phost:*

# *Bainisteoir Seirbhísí Faisnéise*

***Grád:*** *Príomhoifigeach Cúnta*

***Áit:*** *Ardoifig an Údaráis, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe*

***Bunús:*** *Post lánaimseartha buan*

***Spriocdháta:*** *4 i.n. 23 Aibreán 2026*

***Tuarastal:*** *€82,290 - € 102,550**

*Is féidir go n-íocfar incrimint fadseirbhíse tar éis 3 (IFS1) agus 6 (IFS2) bliana de sheirbhís shásúil ag an bpointe is airde ar an scála

Tá *Údarás na Gaeltachta* tiomanta do bheartas comhionannas deise.

Reáchtálfaidh Údarás na Gaeltachta an feachtas seo agus iad ag cloí leis an gCód Cleachtais i gcomhair Ceapacháin chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí arna ullmhú ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA) a bhfuil fáil air ag www.cpsa.ie

**Teagmhálaí:**
An Feidhmeannach Acmhainní Daonna,
An Rannóg Acmhainní Daonna,
Údarás na Gaeltachta,
Na Forbacha,
Co. na Gaillimhe.
Teil: (353) 91 503100
R-phost: **foluntais@udaras.ie**
www.udaras.ie

*Cé gur glacadh gach cúram réasúnta lena dheimhniú go bhfuil an doiciméad seo cruinn, d'fhéadfadh athrú teacht ar an eolas seo.*
*Ní féidir an t-iomlán ná aon chuid de na nótaí eolais seo a thabhairt d'aon tríú páirtí ná a fhoilsiú gan chead i scríbhinn uainne roimh ré.*

LE CEAPADH

# Bainisteoir Seirbhísí Faisnéise

## Príomhoifigeach Cúnta

## Léargas

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta ("An tÚdarás") sa bhliain 1980, faoin Acht um Údarás na Gaeltachta, 1979. Achtaíodh dhá Phríomh-Acht leasaithe ó shin: an tAcht um Údarás na Gaeltachta (Leasú) (Uimh. 2), 1999, agus Acht na Gaeltachta 2012. Tá an ghníomhaireacht Stáit seo freagrach as forbairt teanga, cultúir, shóisialta agus eacnamaíoch na Gaeltachta a chur chun cinn.

Tá dualgas ar an Údarás freisin cloí le raon de cheanglais reachtúla agus riaracháin eile de chuid an Stáit agus de chuid an Aontais Eorpaigh (AE).

Is é misean an Údaráis pobal agus geilleagar fuinniúil, rathúil, inbhuanaithe Gaeltachta a fhorbairt agus ar an mbealach sin úsáid na Gaeilge mar phríomhtheanga phobal na Gaeltachta a chothú, a neartú agus a bhuanú.

Déanann Bord rialaithe ar a bhfuil Cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta arna gceapadh ag an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, mar aon le foireann de thart ar 125 duine, sainchúram forbartha na gníomhaireachta a chur i bhfeidhm.

### Cuspóirí Teanga agus Cultúir

Faoi mar atá leagtha síos sa reachtaíocht, cinntíonn An tÚdarás gurb í an Ghaeilge a úsáidtear an oiread agus is féidir nuair a bhíonn sé ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna nó nuair a chomhlíontar a fheidhmeanna thar a cheann.

Bíonn caomhnú agus cur chun cinn na Gaeilge ag croílár ghníomhaíochtaí uile na heagraíochta. Cuireann An tÚdarás maoiniú ar fáil do réimse gníomhaíochtaí straitéiseacha teanga agus cultúir agus tacaíonn sé leis an teanga go díreach trí ghnásanna na heagraíochta féin.

Comhoibríonn An tÚdarás le daoine aonair, le grúpaí pobail agus le cuideachtaí a chothaíonn an Ghaeilge agus a chuireann timpeallacht leanúnach ar fáil inar féidir leis an teanga dul i dtreis. Tacaíonn An tÚdarás le roinnt gníomhaíochtaí teanga ar leith le na n-áirítear:

- An clár tacaíochta don phróiseas pleanála teanga;
- An clár tacaíochta do chur chun cinn na Gaeilge ina chliantchomhlachtaí;
- Naíonraí agus seirbhísí cúraim leanaí eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge;
- Soláthar cúrsaí tríú leibhéal agus gníomhaíochtaí forbartha oideachais, teanga, óige agus pobail trí Ghaeilge;
- Ionaid foghlama teanga phobalbhunaithe;

Níos leithne fós, cuireann An tÚdarás earnáil na Gaeilge chun cinn sa Ghaeltacht trí thacú le deiseanna gnó. Cuireann An tÚdarás comhairle agus cúnamh praiticiúil ar fáil freisin le dearcadh dearfach ar an nGaeilge a chinntiú i gcuideachtaí a fhaigheann deontais ón Údarás agus iad suite i

limistéir Ghaeltachta. Spreagtar na cuideachtaí sin le gníomhaíochtaí a chothú go hinmheánach agus sa phobal áitiúil le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn.

Faoi Acht na Gaeltachta, 2012, tugadh feidhm reachtúil don Údarás maidir leis an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* a chur i bhfeidhm. San áireamh ansin tá próiseas pleanála teanga do gach ceantar Gaeltachta. Faoi Acht 2012, ainmníonn an tAire Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta agus ní mór pleananna teanga a aontú leis na pobail sna limistéir sin, de réir Chritéir Pleanála Teanga a shonraítear san Acht (Alt 12) agus sna Rialacháin um Acht na Gaeltachta, 2012 (Alt 12), 2013. Tá ról sonraithe do Bhailte Seirbhíse Gaeltachta maidir le seirbhísí poiblí a sholáthar do na limistéir sin freisin ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail áitiúla. Oibríonn An tÚdarás go dlúth le Foras na Gaeilge ó thaobh fheidhmiú an phróisis pleanála teanga i gcás na mBailte Seirbhíse Gaeltachta, i gcomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.

## Cuspóirí Eacnamaíochta

Aithnítear gurb é forbairt an bhoinn eacnamaíochta trí fhostaíocht a chruthú an bealach is fearr leis an daonra sa Ghaeltacht a chaomhnú agus a threisiú, agus gur ar an mbonn sin a dhéanfar an teanga a chaomhnú agus borradh a chur fúithi, rud atá mar chuid lárnach den *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.

Cuidíonn An tÚdarás le daoine sna pobail Ghaeltachta acmhainní áitiúla a fhorbairt. Lena chois sin, meallann An tÚdarás infheistíocht chuig an nGaeltacht trí réimse dreasachtaí a chur ar fáil d’fhiontair nua agus trí thacaíocht agus cúnamh a chur ar fáil do ghnólachtaí atá ann cheana féin.

Cuidíonn an eagraíocht le gnólachtaí agus iad ag forbairt margaí, teicneolaíochtaí, táirgí agus comhaontais straitéiseacha nua trí thaighde agus forbairt. Feidhmíonn na cuideachtaí atá lonnaithe sa Ghaeltacht i raon leathan earnálacha tráchtála lena n-áirítear an turasóireacht, próiseáil éisc agus uisceshaothrú, fuinneamh in-athnuaite, bia, eolaíochtaí na beatha, teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide, déantúsaíocht nideoige, gnóthaí closamhairc agus na meáin dhigiteacha, na healaíona, gnóthaí cultúrbhunaithe agus ceardaíocht.

Tá punann foirgneamh tionsclaíoch nua-aimseartha, páirceanna gnó agus eastáit tionsclaíochta agus ionaid eile ghnó ag an Údarás chomh maith.

Tá os cionn 9,500 duine fostaithe i gcliantchuideachtaí de chuid an Údaráis, idir fhostaíocht pháirtaimseartha agus fhostaíocht lánaimseartha. Tá An tÚdarás ag féachaint le cur leis an bhfostaíocht trí chuidiú le muintir na Gaeltachta a gcuid scileanna agus a gcuid saineolais a fhorbairt. Bíonn cláir fhairsinge oiliúna agus oideachais á dtairiscint ag an Údarás do ghrúpaí, do dhaoine aonair agus do chuideachtaí.

Mar aon le gnólachtaí dúchasacha, tá infheistíocht déanta ag cuideachtaí as na tíortha seo a leanas sa Ghaeltacht: an Bheilg, Ceanada, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Iorua, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe. Baineann éagsúlacht fiontar le cliantchuideachtaí an Údaráis ó ghnólachtaí beaga ceardaíochta go cuideachtaí nua-aimseartha ilnáisiúnta.

## Misean Sóisialta

Déanann An tÚdarás freastal ar chomharchumainn phobail agus ar chomhlachtaí forbartha pobail sa Ghaeltacht. Cothaítear chomh maith na heagraíochtaí deonacha a chuireann an chomhairle, an cúnamh agus an chabhair airgid ar fáil a thacaíonn leis na grúpaí pobail sin.

Chomh maith leis sin, oibríonn An tÚdarás go dlúth le grúpaí pobail chun scéimeanna fostaíochta sóisialta a riaradh, le clubanna óige agus grúpaí réamhscoile agus iarscoile a bhainistiú, agus le cur leis an mbonneagar sóisialta le gníomhaíochtaí cúnaimh a chur ar fáil do dhaoine aosta agus daoine faoi mhíbhuntáiste.

## Cur Chuige Straitéiseach

Leanann Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta an cur chuige comhpháirtíochta Eorpach, lena mbaineann réimse leathan de rannpháirtíocht phoiblí, phríobháideach agus phobail. Is é an aidhm atá leis ná cothromaíocht a aimsiú idir cuspóirí eacnamaíochta agus riachtanais shóisialta agus chultúir.

Tá dhá príomhthéama ag baint le Plean Straitéiseach an Údaráis faoi láthair:

- Tacú le hacmhainní teanga, pobail agus cultúir agus forbairt a dhéanamh orthu, agus
- Nuálaíocht a chothú agus iomaíochas a fhorbairt trí fhiontraíocht agus acmhainní daonna.


Déantar monatóireacht agus athbhreithniú ar an straitéis ar bhonn leanúnach lena chinntiú go mbaineann An tÚdarás a chuspóirí amach le linn thréimhse an Phlean.

## An Todhchaí

Tá athruithe móra tarlaithe agus ag tarlú sa timpeallacht ina bhfuil An tÚdarás ag feidhmiú. I measc na n-athruithe sin áirítear:

- Timpeallacht eacnamaíoch atá de shíor ag athrú: cruthaíonn an téarnamh eacnamaíoch atá ag tarlú ar bhonn domhanda agus go háitiúil deiseanna agus dúshláin nua;
- An ról lárnach atá leagtha ar an Údarás i dtaca leis *an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* a d'fhoilsigh an Rialtas i mí na Nollag 2010 agus as ar éirigh athstruchtúrú agus leasuithe foirne san Údarás chun tabhairt faoi na cúraimí agus na dúshláin nua atá i gceist;
- Acht na Gaeltachta, 2012 agus leasuithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003;
- Rialachas Corparáideach atá treisithe go mór maidir le feidhmeanna tráchtála agus poiblí le blianta beaga anuas;
- Béim ar sheirbhísí, idir sheirbhísí trádála idirnáisiúnta agus sainseirbhísí ar nós tionscadail theangabhunaithe mar fhoinse fostaíochta nua;
- Riar níos mó den fhostaíocht á chruthú ó scileanna a bhíonn bunaithe ar eolas agus ar inniúlachtaí;
- Deiseanna a chothú i bpobail Ghaeltachta a chuireann le todhchaí inbhuanaithe don teanga agus don chultúr.

## Struchtúr na hEagraíochta



# An Ról

Is áisinteacht stáit í Údarás na Gaeltachta ina bhfuil croí-fhoireann do 125 duine ag obair inti, chomh maith le conraitheoirí agus fo-chomhlachtaí agus líonra moil digiteacha atá ar an gceann is mó sa tír.

Tá MS 365 in úsáid ag Údarás na Gaeltachta do fhoireann a bhíonn i mbun cian-oibre agus ag obair ó láthaireacha éagsúla ar bhonn leanúnach. Tá an ról ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.

Tá cúram ar leith ar Údarás na Gaeltachta faoi Phlean Digiteach an Rialtais ról ceannasaíochta a ghlacadh ar fhorbairt uirlisí don Ghaeilge ag leibhéal stáit ag tarraingt ar nua-theicneolaíocht

Beidh an ról freagrach freisin as tacaíocht a thabhairt don Líonra Digiteach (gTeic) agus tacú le tionscadail theicniúla nuair atá siad ar bun, ar nós forbairt na hIntleachta Saorga don Ghaeilge, agus aon tograí TF eile.

Tá an Bainisteoir Seirbhísí Faisnéise freagrach as ceannaireacht a thabhairt ar fhorbairt agus cur i bhfeidhm straitéise TF, seirbhísí digiteacha agus na hionaid digiteach/nuálaíochta. Beidh sé/sí freagrach as réitigh teicneolaíochta a ailíniú le spriocanna gnó, agus timpeallacht slán, iontaofa agus éifeachtach TF a chinntiú

Torthaí a bhfuiltear ag súil leo:

- Córais TF éifeachtacha agus slána a choinneáil a thacaíonn le hobair na heagraíochta
- Nuálaíocht leanúnach i réimse TF agus a chur i bhfeidhm chun tairbhe na heagraíochta
- Feabhas leanúnach ar tháirgiúlacht foirne trí úsáid éifeachtach teicneolaíochta
- Tacaíocht a thabhairt le tionscadal nua TF a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tionscnaimh intleachta saorga don Ghaeilge
- Bainistíocht éifeachtach ar chianobair agus comhoibriú foirne
- Comhlíonadh le caighdeáin slándála agus rialacháin ábhartha
- Go bhfuil an Líonra Digiteach ag feidhmiu mar lionra ceannrodaithe an tír.

Is ról ilghnéitheach é seo a éilíonn meascán de scileanna teicniúla, bainistíochta, agus straitéiseacha, chomh maith le tuiscint dhomhain ar riachtanais uathúla Údarás na Gaeltachta maidir le teicneolaíocht faisnéise agus forbairt na Gaeilge sa ré dhigiteach.

Tá sé mar bhunriachtanas go mbeidh an té a cheapfar líofa i labhairt agus scríobh sa Ghaeilge.

Is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.

Beidh an post seo lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Tá Polasaí Obair Chumaisc i bhfeidhm ag Údarás na Gaeltachta, tá an polasaí forbartha i gcomhréir leis an gCreat Polasaí Oibre Cumaisc d'Eagraíochtaí Státseirbhíse a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe in 2022.

## Sonraíocht Imlíneach an Phoist

| Sonraí | Cur Síos |
|---|---|
| Aidhm an róil | Is é an príomhaidhm an róil seo ná Clár Thograí na h-eagraíochta maraon le spriocanna straitéiseacha na heagraíochta a bhainistiú agus a rianú, agus cinntiú go bhfuil garspriocanna cuí leagtha síos agus á gcur i bhfeidhm chun an straitéis a bhaint amach. |
| Príomhdhualgais an Róil | • Straitéis TF agus dhigiteach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm atá comhoiriúnach le cuspóirí gnó na heagraíochta, ag cur san áireamh dea-chleachtais, agus ag fanacht ar an eolas faoi fhorbairtí nua sa réimse TF, agus ag cur plean téarnaimh tubaiste i bhfeidhm, chomh maith le plean leanúnachais ghnó<br>• Feidhmiú mar stiúrthóir ar chlár claochlaithe digiteacha, ag feabhsú éifeachtúlachta oibríochtúla agus taithí úsáideora.<br>• Ceannaireacht a thabhairt ar bhunú, fás agus feidhmíocht na nIonad Digiteach ar fud na hÉireann mar lárionaid nuálaíochta agus den scoth<br>• Soláthraigh seirbhís atá dírithe ar an gcustaiméir, agus tabhair leibhéal ard seirbhíse do chustaiméirí — cinntigh go bhfreagraíonn an fhoireann fiosruithe ó chustaiméirí go tráthúil agus go gairmiúil, déan comhordú le soláthraithe tríú páirtí go pras chun freagairt éifeachtach a áirithiú, déan monatóireacht ar leibhéal na seirbhíse agus tuairiscigh ar na príomhtháscairí feidhmíochta (KPInna) gaolmhara<br>• Coinnigh suas go dáta faoi fhorbairtí nua i réimse na Teicneolaíochta Faisnéise, agus déan traenáil de réir mar is gá chun coinneáil chun tosaigh ar threochtaí agus athruithe, agus chun leibhéal ard seirbhíse do chustaiméirí a chinntiú.<br>• Cuir athruithe TF i bhfeidhm de réir mar is gá, ag cinntiú go dtarlaíonn athraithe gan stró ar chórais nua agus tionchar ar úsáideoirí a laghdú<br>• Bainistiú ar an gcórais TF iomlán lena n-áirítear líonraí, córais, ardáin scamall agus cibearshlándáil.<br>• Cinntiú go bhfuil seachadadh seirbhíse comhsheasmhach, iontaofacht na gcóras agus leanúnachas gnó ar fud na suíomhanna uile.<br>• Bainistiú ar chaidrimh le soláthraithe, ceannaigh agus conarthaí teicneolaíochta-ag cinitiu luach ar arigead<br>• Inchur agus ceannasaiocht ar tionscadail a bhaineann le TF, ag obair trasna ranna éagsúla chun an toradh is fearr a bhaint amach do na tionscadail sin.<br>• Cinntigh go bhfuil beartais agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm, cothrom le dáta, agus lárnach san eagraiocht.<br>• Comhoibriú a dhéanamh le ranna agus áisinteachtaí eile stáit chun feabhsúcháin phróisis agus éifeachtúlachtaí a aithint trí úsáid teicneolaíochta<br>• Tuairisciú rialta a dhéanamh do ardbhainistíocht na h-eagraíochta ar thionscadail TF, feidhmíocht, agus pleananna don todhchaí<br>• A chinntiú go bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh rialacháin ábhartha cosúil le GDPR agus caighdeáin TF an rialtais<br>• Aistrigh na córais tacaíochta gnó agus sonraí ón freastalaí reatha go dtí an néall (Azure Cloud nó a leithead)<br>• I comhphartiocht leis an gCeannasaí gteic, comhoibriú le gnólachtaí nuathionscanta, institiúidí acadúla agus pobail teicneolaíochta chun spreagadh a thabhairt do nuálaíocht.<br>• Cinntiú go bhfuil na nIonad Digiteach ag gníomhú mar chumasóirí chun teicneolaíochtaí agus tionscnaimh dhigiteacha atá ag teacht chun cinn a thriail.<br>• Spreagadh a thabhairt do roinnt eolais agus scála na nuálaíochtaí rathúla ar fud na líonra.<br>• Cinntiú go gcomhlíonann córais agus próisis TF na riachtanais dhlíthiúla, rialacha agus cosaint sonraí.<br>• Ceannaireacht a thabhairt ar iniúchtaí inmheánacha, meastóireachta riosca agus tionscnaimh comhlíonta atá bainteach le teicneolaíocht<br>• Aon dualgais eile a chuirtear leis an bpost, de réir riachtanais na heagraíochta, ó am go ham |

## Luach Saothair agus Sochair

Mar seo a leanas a bheidh an pacáiste comhdhéanta:

- Is é an ráta buntuarastail reatha don phost ná €82,290 - € 102,550* (ráta ranníoca pinsin pearsanta) in aghaidh na bliana; áirítear san ollphá seo, ranníocaíochtaí an fhostaí chuig scéim aoisliúntais earnála poiblí iomchuí.
  *Is féidir go n-íocfar incrimint fadseirbhíse tar éis 3 (IFS1) agus 6 (IFS2) bliana de sheirbhís shásúil ag an bpointe is airde ar an scála
- Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.
- D'fhéadfadh feidhm a bheith le pá agus coinníollacha éagsúla sa chás gur Státseirbhíseach nó Seirbhíseach Poiblí a bhí sa duine a cheapfar díreach roimh an gceapachán.
- Tá scéimeanna aoisliúntais earnála poiblí ranníoca reachtúla i bhfeidhm. Baineann asbhaintí eile ó thuarastal Seirbhíseach Poiblí faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009, leis an bpost seo.
- I gcomhréir le polasaí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní dhéantar soláthar do nithe mar charr, íocaíochtaí bónais ná árachas sláinte maidir leis an bpost seo.

## Nóta Tábhachtach

- Post lánaimseartha atá i gceist agus níl cead ag an gceapaí a bheith ag obair i gcleachtas príobháideach nó baint a bheith acu le gnó ar bith lasmuigh a chuireann isteach ar bhealach ar bith ar a d(h)ualgais oifigiúla, a chuireann isteach ar an obair nó a chuireann a (h)ionracas i mbaol.
- Beidh na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí i bhfeidhm, más cuí, san fhostaíocht seo.
- Le linn na tréimhse fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacháin a rialaíonn Seirbhísigh Phoiblí agus cúrsaí polaitíochta.
- Beidh an ceapaí, le linn théarma a c(h)eapacháin, ag feidhmiú faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Aontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a scaoileadh le tríú páirtí neamhúdaraithe, bíodh sé sin le linn na tréimhse fostaíochta nó ina diaidh.

## Costais

- Íocfar costais taistil (míleáiste san áireamh) agus chothabhála ag cibé rátaí agus faoi réir cibé coinníollacha a chinnfidh An tÚdarás ó am go ham le ceadú an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Láthair Oibre

- Beidh an post seo lonnaithe in Ardoifig an Údaráis, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

## Próifíl Imlíneach Iarrthóra

### Cáilíochtaí Acadúla & Gairmiúla

- Oideachas go dtí leibhéal cuí do Príomhoifigeach Cúnta in eagraíocht Stáit, a bheidh nasctha le cáilíocht iarchéime nó cáilíocht ghairmiúil chuí eile.
- Céim onóracha i Ríomheolaíocht, Teicneolaíocht Faisnéise, innealtóireacht bogearraí nó réimse gaolmhar

## Cúlra Ginearálta

Ní mór buanna pearsanta agus saineolas den scoth a bheith ag iarrthóirí. Éilíonn an chreidiúint agus an aibíocht is gá chun déileáil le pobail agus gnóthaí seachtracha, le bainistíocht an Údaráis agus leis an bhfoireann, go mbeidh go leor bainte amach ag iarrthóirí sa tseirbhís phoiblí:

### Tréithe Pearsanta, Eolas, Scileanna agus Taithí

Léireoidh an té a cheapfar inniúlachtaí an méid seo a leanas:

- Claonadh cruthanta pearsanta i leith na nuálaíochta agus taithí ar sheribhísí inmheánacha agus seachtracha ar ardchaighdeán a sholáthar
- Tuiscint shoiléir, nó an cumas tuiscint shoiléir a shealbhú go tapa, ar an raon éagsúil gníomhaíochtaí gnó atá ag teacht faoin bhfeidhm seo agus ar na príomhchomhéadain idir na gníomhaíochtaí sin agus an comhthéacs eacnamaíochta agus sóisialta níos leithne.
- Beidh scileanna ceannaireachta agus ardleibhéal bainistíochta agus scileanna eagraíochtúla léirithe aige nó aici agus an cumas léirithe aige nó aici foirne a fhorbairt agus foireann a bhainistiú a bheith bunaithe i roinnt áiteanna agus tionchar a imirt ar ardbhainistíocht in eagraíochtaí eile.
- Beidh taithí léirithe ó thaobh ceannaireacht a ghlacadh ar chlár athruithe tábhachtach ag ardleibhéal in eagraíocht mhór chasta, a raibh rath air.
- Beidh taithí léirithe ó thaobh cláir éifeachtachta airgeadais a fheidhmiú agus a chinntiú gur baineadh an leas is fearr as acmhainní.
- Beidh scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth aige nó aici agus beidh ar a c(h)umas caidrimh éifeachtacha inmheánacha agus sheachtracha ag leibhéal sinsearach le gníomhaireachtaí stáit agus le páirtithe leasmhara eile a bhunú.
- Beidh dílseacht, tiomantas, fuinneamh, dúthracht agus cumas ardfhorbartha ceannaireachta léirithe aige nó aici.

Beidh taithí sna réimsí thíos riachtanach chun dul chun cinn sa ról agus cuspóirí na Rannóige a bhaint amach:

- Taithí 5+ bliain i mbainistíocht TF nó tograí TF in eagraíocht mheánmhéide nó mhór
- Teastasú i ITIL, PRINCE2, nó bainistíocht tionscadal comhchosúil
- Tuiscint láidir ar theicneolaíochtaí TF, lena n-áirítear bunachair sonraí, líonraí, néalríomhaireacht, agus slándáil faisnéise.
- Inniúlacht i mbainistíocht acmhainní, pleanáil buiséid, agus bainistíocht riosca.
- Scileanna láidre cumarsáide béil agus scríofa chun oibriú le páirtithe leasmhara éagsúla.
- Ábaltacht foirne a threorú agus a spreagadh chun spriocanna a bhaint amach.
- Cumas chun fadhbanna casta a réiteach agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh.
- Saineolas ar Microsoft 365 agus croí-chórais dá leithéad agus eile san earnáil phoiblí nó an cumas tuiscint shoiléir a shealbhú go tapaidh
- Taithí ar bhainistiú cianoibre agus foirne scaipthe
- Líofacht sa Ghaeilge agus sa Bhéarla
- Eolas ar theicneolaíochtaí intleachta saorga agus a bhfeidhmeanna féideartha

## Príomhinniúlachtaí d'fheidhmíocht éifeachtach ag Leibhéal an Phríomhoifigeach Cúnta

Tacaíonn an Creat Cumais leis an tSeirbhís Shibhialta agus Phoiblí chun Lucht Saothair na Todhchaí a thógáil. Is é ár n-uaillmhian éagsúlacht daoine a mhealladh, a chumhachtú agus a fhorbairt, le cumas agus tallann chun barr feabhais a sheachadadh go comhoibríoch, thar ceann ár Rialtas agus mhuintir na hÉireann.

Éilíonn iniúchadh agus neartú Cumais orainn machnamh a dhéanamh ar an duine iomlán, a scileanna, iompraíochtaí, luachanna, spreagadh, láidreachtaí, eolas, agus spéiseanna. Tacaíonn na fachtóirí seo lenár gcur chuige i leith earcaíochta agus forbartha agus muid ag leanúint ar aghaidh ag tógáil seirbhíse nuálach, ghairmiúil agus sholúbtha.

Trí thaighde forleathan, chinneamar na cumais atá ag teastáil chun ár lucht saothair sa todhchaí a thógáil. Sonraíonn an creat thíos na gnéithe Cumais atá riachtanach do róil ag leibhéil éagsúla laistigh den tSeirbhís Shibhialta

## Inniúlachtaí ag Leibhéal an Phríomhoifigeach Cúnta - Táscairí Feidhmíochta Éifeachtacha




| Príomhoifigeach Cúnta |
|---|
| **Ag Ullmhú Don Todhchaí**<br>Chun beartas agus seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar, ní mór dúinn glacadh le hathruithe agus le nuálaíocht. Déanaimid ár ndícheall straitéis ionchuimsitheach atá dírithe ar an gcustaiméir a chruthú, ina bhfuil fís a chuireann athruithe comhshaoil, sóisialta agus teicneolaíochta san áireamh. Trí chur chuige solúbtha ina bhfuil cúrsaí digiteacha chun tosaigh a chur i bhfeidhm, cuirfimid uasoiliúint ar fáil agus athróimid agus cuirfimid feabhas ar an gcaoi a ndéanaimid rudaí ar bhonn leanúnach chun dul i ngleic le riachtanais reatha agus riachtanais a bheidh ann amach anseo. |
| **Béim ar Chúrsaí Digiteacha, Nuálaíocht agus Uasoiliúint don Todhchaí** |
| **Béim ar Chúrsaí Digiteacha**<br>• Cuireann an duine an clár ina bhfuil cúrsaí digiteacha chun tosaigh chun cinn, agus cinntíonn siad go ndéantar iniúchadh ar agus go mbaintear úsaid as uirlisí digiteacha agus réitigh TF<br>**Nuálaíocht agus Feabhsú Leanúnach**<br>• Cuireann an duine réitigh nuálacha, chruthaitheacha agus phraiticiúla, agus bíonn siad tiomanta don fheabhsú leanúnach i gcónaí |

- Baineann an duine triail as modhanna nua/éagsúla agus bíonn siad sásta dul sa seans nuair is cuí, foghlaim ó bhotúin agus modhanna a athrú

**Uasoiliúint don Todhchaí**

- Tá an duine díograiseach maidir lena gcuid eolais agus scileanna féin a fhorbairt don todhchaí
- Lorgaíonn an duine deiseanna forbartha ar bhealach gníomhach agus déanann siad machnamh ar thaithí foghlama go rialta, agus tuigeann siad a mbuanna agus a laigí féin
- Tuigeann an duine na rudaí ar chóir don fhoireann a dhéanamh, chun ullmhacht don todhchaí agus scileanna a fhorbairt

### Straitéis, Athruithe agus Athchóiriú

**Cumas Straitéiseach agus Béim ar an Todhchaí**

- Cuireann an duine go gníomhach le forbairt agus measúnú ar phleananna straitéiseacha agus díríonn siad ar na spriocanna gearrthéarmacha, meánthéarmacha agus fadtéarmacha
- Tacaíonn an duine le forbairt bheartas, straitéis agus spriocanna ginearálta na hEagraíochta/na Roinne

**Tuiscint ar Chomhthéacs agus Solúbthacht**

- Tá tuiscint mhaith ag an duine ar Pholasaithe Státseirbhíse níos ginearálta agus ar fhorbairtí cuí san Earnáil Phoiblí agus san Earnáil Phríobháideach
- Léiríonn an duine tuiscint ar chúinsí, thimpeallacht agus chomhthéacs a bhíonn ag athrú, agus bíonn siad in ann dul i ngleic leo ar bhealach solúbtha de réir mar is gá

**Tacú le hAthruithe agus le hAthchóiriú**

- Tugann an duine treoir agus tacaíocht do dhaoine eile trí athruithe, cuireann siad béim ar na buntáistí agus téann siad i ngleic le ceannairceacht, le ceisteanna agus le haiseolas
- Tacaíonn an duine leis an gclár athruithe agus athchóirithe trí mholtaí a dhéanamh, athruithe a aontaíodh a chur i bhfeidhm agus béim a leagan ar an bhfeabhsú

## Soláthar atá Bunaithe ar Fhianaise

Chun beartas agus seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar, ní mór dúinn cinntí eolacha atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh, spriocanna a chur in ord tosaíochta agus bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar acmhainní, trí úsáid a bhaint as eolas cuí chun torthaí a mheas chun na torthaí is fearr a chinntiú do na daoine ar a bhfreastalaímid.

### Barr Feabhais a Sholáthar

**Obair agus Acmhainní a Bhainistiú**

- Déanann an duine bainistíocht ar chlár oibre, glacann siad freagracht as a dtionscadail féin agus déanann siad maoirseacht ar obair na foirne
- Déanann an duine pleanáil éifeachtach agus cuireann siad tascanna in ord tosaíochta chun dul i ngleic le héilimh chomhsháraitheacha agus le hacmhainní srianta, agus cinntíonn siad go mbaintear torthaí amach
- Déanann an duine acmhainní a mheas, a bhainistiú agus a thabhairt amach ar bhealach éifeachtach

**Tiomantas do Thorthaí den Scoth**

- Leagann an duine caighdeáin arda agus spriocanna amach dóibh féin agus do dhaoine eile agus déanann siad a ndícheall chun iad a bhaint amach
- Cuireann an duine barr feabhais i dtaca le seirbhís do chustaimeirí/taithí an chustaiméara chun cinn agus cuireann siad an tábhacht a bhaineann leis seo ina luí ar dhaoine eile
- Déanann an duine monatóireacht ar éifeachtacht agus luach ar airgead agus cloíonn siad le riachtanais rialála corparáidí

**Foghlaim, Freagairt, Measúnú agus Feabhsú**

- Faigheann an duine tuiscint ar thascanna/róil nua go sciobtha, faigheann siad tuiscint ar riachtanais, eolas cuí agus íogaireacht
- Tá an duine solúbtha agus acmhainneach agus iad ag dul i ngleic le deacrachtaí agus le héilimh nua
- Lorgaíonn an duine aiseolas agus déanann siad measúnú ar thorthaí i gcomparáid le torthaí a bhí ag teastáil, foghlaimíonn siad ón méid a dhéanann siad ar bhealach freagrúil agus cuireann siad feabhas ar mhodhanna/phróisis

### Anailís a Chinntiú, Breithiúnas a Thabhairt agus Cinntí a Dhéanamh

**Anailís agus Measúnú a dhéanamh ar Eolas**

- Is féidir leis an duine sonraí a bhailiú agus anailís agus measúnú criticiúil a dhéanamh orthu go sciobtha, chun eolas tábhachtach a aithint
- Cinntíonn an duine go mbailítear sonraí, go ndéantar anailís orthu agus go mbaintear úsáid astu go rialta chun tacú le hobair agus chun cinntí éifeachtacha a éascú

- Déanann an duine anailís agus measúnú ar eolas casta ó bhéal agus eolas casta uimhriúil ar bhealach cuí agus pras

**Fadhbanna a Réiteach**

- Déanann an duine bainistíocht ar fhadhbanna agus réitíonn siad fadhbanna ar bhealach eolach, loighciúil agus stuama, lorgaíonn siad eolas breise agus tuairimí de réir mar is gá
- Téann an duine i ngleic le cásanna deacra, éiginnte agus le ceisteanna a thagann chun cinn go sciobtha, agus socraíonn siad an cur chuige is fearr go sciobtha

**Breithiúnas Eolach a Thabhairt agus Cinntí Eolacha a Dhéanamh**

- Tugann an duine breithiúnas cothrom agus déanann siad cinntí cothroma, baineann siad úsáid as fianaise, taithí agus polasaithe/nósanna imeachta cuí mar aon le ceisteanna/híogaireacht chomhthéacsúil
- Déanann an duine cinntí tábhachtacha, práinneacha nó deacra ar bhealach cuí, pras agus eiticiúil, cuireann siad na himpleachtaí/an tionchar ginearálta san áireamh agus roinneann siad an réasúnaíocht taobh thiar de na cinntí a dhéanann siad

## Treoir a Thabhairt agus Cumhacht a Thabhairt

Chun beartas agus seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar, ní mór dúinn treoir a thabhairt inár réimsí saineolais, daoine eile a spreagadh agus fís shoiléir a chruthú. Táimid tiomanta d'fhorbairt a dhéanamh ar, do thacaíocht agus do chumhacht a thabhairt dár gcomhghleacaithe chun gur féidir leo barr a gcumais a bhaint amach agus chun timpeallacht oibre dhearfach agus ionchuimsitheach a chruthú, ina bhfuil obair gach duine luachmhar.

### Treoir a Thabhairt, Daoine a Spreagadh agus Forbairt a Dhéanamh

**Feidhmíocht a Fhorbairt, a Spreagadh agus Tacú Léi**

- Cinntíonn siad go bhfaigheann a bhfoireann deiseanna forbartha, tugann siad tascanna/tionscadail amach ar bhealach straitéiseach agus cuireann siad buanna agus riachtanais forbartha san áireamh
- Tacaíonn an duine le hardfheidhmíocht agus spreagann siad ardfheidhmíocht trí aitheantas, threoir, oiliúint agus aiseolas rialta a chur ar fáil
- Baineann an duine úsáid as teicnící bainistíochta feidhmíochta foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus cuireann siad na teicnící seo chun tosaigh

**Fís, Cuspóir agus Inchreidteacht**

- Cruthaíonn an duine fís agus spriocanna soiléire agus cuireann siad an fhís agus na spriocanna seo in iúl
- Léironn an duine inchreidteacht, díograis agus tiomantas ina gcuid oibre agus cuireann siad an cuspóir agus an tionchar ginearálta i gcuimhne don fhoireann
- Tugann an duine treoir ar bhealach ionraic, macánta, trédhearcach agus freagrach

**Cumhacht a Thabhairt, Sábháilteacht Shíceolaíoch agus Cuimsiú**

- Cruthaíonn an duine timpeallacht foirne atá ionchuimsitheach, sábháilte ó thaobh na síceolaíochta de agus oscailte
- Tugann an duine cumhacht dá bhfoireann trí neamhspleáchas, iontaoibh agus cumarsáid mhacánta a chothú
- Mar cheannaire, cuireann an duine comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú chun cinn, cuireann siad bearta fiúntacha i bhfeidhm trí obair na rannóige agus trí thacú le lucht saothair ina bhfuil éagsúlacht le brath

**Éirim Shóisialta agus Mhothúchánach**

- Tugann an duine tús áite dá bhfolláine féin agus d'fholláine dhaoine eile ar bhealach oscailte, cuireann siad cultúr ina bhfuil an tacaíocht, an chomhbhá agus an tuiscint chun tosaigh
- Léiríonn an duine féinthuiscint agus an cumas a gcuid mothúchán agus iompair féin a bhainistiú, go háirithe i gcásanna dúshlánacha

### Treoir a thabhairt trí Thuiscint Speisialtachta

**Cuir le hObair trí Shaineolas**

- Léiríonn an duine ardleibhéal saineolais speisialtachta agus eolais ina réimse
- Cuireann an duine le hobair an Údaráis trí úsáid a bhaint as a saineolas speisialtachta chun freastal ar riachtanais ghnó agus cur le beartas nó straitéis níos ginearálta

**Treoir a Thabhairt agus Abhcóideacht a Dhéanamh**

- Tugann an duine treoir trí thuiscintí, eolas, fhianaise agus réasúnaíocht a roinnt ar bhealach oscailte agus neamhtheicniúil
- Cuireann an duine luach a réimse/saineolais chun cinn agus míníonn siad an luach seo agus an fáth a bhfuil sé riachtanach tús áite a thabhairt don réimse
- Feidhmíonn an duine mar Cheannaire Smaointeoireachta nó mar Shaineolaí ina réimse saineolais, tugann siad treoir, cuireann siad eolas agus ceannaireacht ar fáil

**Gréasáin, Eolas agus Tuiscint a Chothú**

- Faigheann an duine tuiscint agus forbraíonn siad saineolas trí theagmháil a dhéanamh le saineolaithe inmheánacha, seachtracha agus le comhghleacaithe
- Déanann an duine ionadaíocht don Eagraíocht/Roinn ag eachtraí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, ar bhealach gairmiúil agus tuisceanach
- Tá an duine tiomanta don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, glacann siad páirt ghníomhach i gcúrsaí, i gcomhdhálacha agus i ngníomhaíochtaí cuí chun a chinntiú go bhfuil a gcuid eolais cothrom le dáta

## Cumarsáid agus Comhoibriú

Chun beartas agus seirbhísí poiblí den chéad scoth a sholáthar, ní mór dúinn oibriú le chéile, caidrimh a chothú agus comhoibriú le chéile chun cur chuige cuimsitheach Rialtais a éascú. Má dhéanaimid teagmháil agus cumarsáid éifeachtach lenár gcustaiméirí, gcliaint agus gcomhghleacaithe, forbrófar an mhuinín atá acu as ár seirbhísí.

### Cumarsáid a Dhéanamh agus Tionchar a Imirt

**Cumarsáid Éifeachtach a Dhéanamh agus Éisteacht chun teacht ar Thuiscint**

- Déanann an duine cumarsáid agus cuireann siad eolas i láthair ar bhealach soiléir, gairmiúil, mealltach agus éifeachtach i dtaca le cumarsáid ó bhéal, cumarsáid dhigiteach agus i gcumarsáid scríofa
- Léiríonn an duine tuiscint ar a modh cumarsáide féin, agus athraíonn siad a stíl de réir mar is cuí chun freastal ar an lucht éisteachta
- Tuigeann an duine tábhacht na héagsúlachta agus déanann siad iarracht ghníomhach daoine éagsúla a spreagadh chun a bheith páirteach, chun dúshláin agus tuairimí éagsúla a chur san áireamh

**Scileanna i dtaca le Tionchar a Imirt agus Scileanna Idirbheartaíochta**

- Imríonn an duine tionchar ar dhaoine eile ar bhealach tuisceanach agus bíonn siad sásta comhréiteach a dhéanamh nuair is gá
- Forbraíonn an duine tuiscint ar an gcomhthéacs, ar íogaireacht agus ar thuairimí éagsúla, agus páirt á glacadh acu i bplé/idirbheartaíocht
- Téann an duine i ngleic le comhráite deacra, coimhlintí nó hidirbheartaíocht le meas, tuiscint, stuaim agus féinmhuinín

### Teagmháil agus Comhoibriú

**Caidrimh a Fhorbairt agus Teagmháil le Páirtithe Leasmhara**

- Baineann an duine úsáid as scileanna idirphearsanta chun dea-chaidrimh oibre a fhorbairt agus a choinneáil laistigh agus lasmuigh dá réimse féin, dá bhfoireann féin agus den Údarás
- Déanann an duine teagmháil agus comhairliúcháin rialta le páirtithe leasmhara cuí, déanann siad bainistíocht ar na nithe a bhfuil daoine ag súil leo agus tugann siad an t-eolas is déanaí ar bhealach géarchúiseach agus oscailte

**Comhoibriú, Comhairliúchán agus Obair Trasfheidhme**

- Baineann an duine an leas is fearr as deiseanna comhoibrithe trí na ceisteanna cearta a chur, trí thacaíocht a chur ar fáil, trí bheith gníomhach agus trí thuairimí a bhíonn ag daoine eile a thuiscint
- Spreagann an duine daoine eile chun páirt a ghlacadh agus téann siad i gcomhairle leo ar bhealach gníomhach, i dtaca le socruithe san ionad oibre, m.sh. socruithe ó chian, socruithe hibrideach/cumaisc nó socruithe oifige

Caithfidh iarrthóirí, gan aon eisceacht, aon choimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith i gceist a thabhairt chun suntais ag an staid iarratais den phróiseas earcaíochta. Mura ndéanfaidh iarrthóir aon choimhlint leasa den sórt sin a thabhairt chun suntais agus go dtagann an choimhlint chun solais ina dhiaidh sin d'fhéadfaí an t-iarrthóir a dhícháiliú ón gcomórtas nó má thairgtear ról don iarrthóir in Údarás na Gaeltachta agus má ghlacann sé nó sí leis ar bhonn eolais mhíthreoraigh d'fhéadfaí an duine sin a dhífhostú as an bpost.

## An Próiseas Roghnaithe

### Le hIarratas a Dhéanamh:

Ba chóir do gach iarrthóir dul chuig www.udaras.ie/oiliuint-fostaiocht cliceáil ar an bpost agus ansin litir chumhdaigh, a dhéanann cur síos ar a n-oiriúnacht don phost seo, agus CV cuimsitheach a sheoladh ar ríomhphost chuig foluntais@udaras.ie. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an spriocdháta.

### Spriocdháta:

Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh an **4 i.n. 23 Aibreán 2026.**

Mura bhfaighidh tú admháil go bhfuil d'iarratas faighte laistigh de 72 uair an chloig tar éis duit an t-iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le foluntais@udaras.ie le do thoil. (Ar iarrthóirí atá an fhreagracht a chinntiú go mbeidh iarratais chomhlíonta faighte roimh an spriocdháta atá tugtha).

Coinneofar ar an eolas tú faoin bhfeachtas tríd an seoladh r-phoist a chuirfidh tú ar fáil.

Ar iarrthóirí atá an dualgas a chinntiú go bhfuil siad ag fáil gach cumarsáid ó Údarás na Gaeltachta. Comhairlítear duit do chuid r-phost a sheiceáil go rialta le linn an chomórtais; coinnigh súil ar fhillteáin turscair/spam ar fhaitíos go rachadh aon r-phost ar seachrán iontu.

Ní ghlacann Údarás na Gaeltachta le haon fhreagracht as aon chumarsáid nach n-osclaíonn an t-iarrthóir nó nach bhfaigheann sé nó sí.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonróidh Údarás na Gaeltachta agus a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála atá tugtha sa litir chumhdaigh/CV cruinn.

### An Próiseas Roghnúcháin:

Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

- CV cuimsitheach agus litir chumhdaigh a chur ar aghaidh chuig foluntais@udaras.ie;
- Gearrliosta iarrthóirí bunaithe ar eolas a bheidh ina gcuid iarratas (caithfidh iarrthóirí na híoschritéir atá leagtha amach sa cháipéis seo a chomhlíonadh);
- Ag brath ar thaithí agus caighdeán na n-iarrthóirí, d'fhéadfaí nach roghnófaí gach duine a chomhlíonann na híoschritéir chun dul faoi agallamh;
- Agallamh iomaíoch (bunaithe ar inniúlachtaí);
- Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar a bheith cuí.

### Gearrliostú:

Is gnách go bhfaightear níos mó iarratas ar phost ná an líon a theastódh chun na folúntais reatha agus amach anseo a líonadh. In ainneoin go gcomhlíonfá riachtanais cháilitheacha don chomórtas, sa chás go mbeadh an líon daoine a bheadh ag cur isteach ar an bpost chomh hard agus nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach iarrthóir, féadfaidh Údarás na Gaeltachta a shocrú nach nglaofar ach ar líon níos lú daoine chun agallaimh. Chuige sin, forálann Údarás na Gaeltachta gearrliostú a dhéanamh chun líon daoine a roghnú i gcomhair agallaimh arb iad is cosúil, bunaithe ar na litreacha cumhdaigh agus CVanna a bheith scrúdaithe, a bheidh oiriúnach don phost. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú i leith critéir réamhshocraithe atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hé sin le rá go gcaithfidh go mbeadh iarrthóirí eile mí-oiriúnach don phost nó nach mbeidís in ann dul i mbun an phoist, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a dhealraíonn, bunaithe ar a gcuid iarratas, a bheith níos cáilithe don phost agus/nó taithí níos

ábhartha acu. Déanfaidh tú do leas más ea, ach cuntas beacht mionsonraithe a thabhairt ar do chuid cáilíochtaí/taithí sa litir chumhdaigh.

## Rúndacht:

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, caithfear le hiarratais le lánrúndacht.

## Eolas Tábhachtach Eile

Ní bheidh aon fhreagracht ar Údarás na Gaeltachta as aon chostais a thabhóidh iarrthóirí.

Ní hionann duine a ligean isteach ar chomórtas nó cuireadh a thabhairt chun agallaimh nó fógra gur éirigh le duine agus a thabhairt le tuiscint go bhfuil Údarás na Gaeltachta sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais nó nach bhfuil an duine dícháilithe faoin dlí ó thaobh an phoist sin a líonadh agus níl aon bharántas ann go ndéanfar d'iarratas a bhreithniú tuilleadh. Tá sé tábhachtach mar sin go ndíreofaí d'aird gur ortsa atá an dualgas a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais cháilíochta don chomórtas sula dtiocfaidh tú chun agallaimh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála ach go dtagann tú chuig agallamh ní bheidh tú ach ag cur costais ort féin.

Sula molfaidh Údarás na Gaeltachta aon iarrthóir le ceapadh sa phost, déanfaidh siad gach fiosrúchán a mheasfar a bheith cuí le hoiriúnacht an iarrthóra a chinntiú. Go dtí go mbeidh gach staid den phróiseas earcaíochta críochnaithe ní féidir cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ná ní féidir a mheas ná a thuiscint go bhfuil a leithéid de chinneadh déanta.

Sa chás go n-eiteoidh an duine a mholtar don phost glacadh leis an bpost nó má ghlacann sé nó sí leis agus ansin má tarraingíonn sé nó sí siar as nó má thagann folúntas breise chun cinn féadfaidh an Bord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh le ceapadh sa phost bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin.

## Cearta Iarrthóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin

Breithneoidh Údarás na Gaeltachta iarrataí ar athbhreithniú de réir fhorálacha na gcód cleachtais arna bhfoilsiú ag an CPSA. Tá na Cóid Chleachtais ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí ag www.cpsa.ie.

Sa chás go mbeadh iarrthóir míshásta le gníomh nó cinneadh maidir lena n-iarratas (agus an roghnú á bhainistiú ag Údarás na Gaeltachta), féadfaidh siad aiseolas a lorg ó Údarás na Gaeltachta. Déanfaidh teagmhálaí earcaíochta an iarrthóra an chéad athbhreithniú go hinmheánach faoin údar nár éirigh lena n-iarratas. Seolfar toradh an athbhreithnithe sin i scríbhinn chuig an iarrthóir.

- Leis an gcéad athbhreithniú a iarraidh, caithfidh iarrthóir scríobh chuig Údarás na Gaeltachta laistigh de 5 lá oibre ón bhfógra a fháil faoin gcinneadh maidir lena n-iarratas. Déanfaidh Údarás na Gaeltachta an chéad athbhreithniú gan mhoill. Má bhíonn an t-iarrthóir míshásta leis an toradh féadfaidh siad dul i mbun an nóis imeachta fhoirmiúil laistigh de 2 lá oibre i ndiaidh dóibh an fógra faoi thoradh an chéad athbhreithnithe a fháil.
- Mura bhfuil an t-iarrthóir sásta le toradh an chéad athbhreithnithe, cuirfear ar aghaidh é go dtí an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha a fheidhmíonn mar eadránaí cinnidh.
- Duine nach mbeidh baint aici nó aige leis an bpróiseas roghnúcháin a bheidh san eadránaí cinnidh agus déanfaidh sé nó sí eadráin maidir le hiarrataí ar athbhreithniú. Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an eadránaí cinnidh.

## Oibleagáidí na nIarrthóirí

Ní mór d'iarrthóirí a thuiscint go ndéanfar iarrthóir a dhícháiliú de bharr canbhasála agus go gcuirfear an t-iarrthóir sin amach as an bpróiseas dá thoradh.

Ní dhéanfaidh iarrthóirí:

- Eolas falsa a chur ar fáil ceann ar aghaidh nó go meargánta;
- Canbhasáil ar aon duine le haslú ná gan aslú;
- Cur isteach ar an bpróiseas ar aon bhealach nó baint de;
- Tríú páirtí a chur isteach á bpearsanú ag aon staid den phróiseas;
- Aon duine a sháróidh na forálacha thuas nó aon duine a chuideoidh le duine eile chun na forálacha thuas a shárú beidh sé/sí ciontach i gcion. D'fheadfaí fíneáil nó príosúnacht a ghearradh ar dhuine a chiontófar i gcion.

Ina theannta sin, i gcás gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta a bhí nó atá sa duine a fuarthas ciontach i gcion,

- dícháileofar iad mar iarrthóir agus tógfar amach as an gcomórtas iad;
- má ceapadh iad i bpost tar éis an phróisis roghnaithe, cuirfear as an bpost iad.

## Critéir shonracha iarrthóra:

Ní mór d'iarrthóirí:

- An t-eolas agus an cumas a bheith acu le dualgais an phoist atá i gceist a chomhlíonadh;
- A bheith oiriúnach ar bhonn carachtair;
- A bheith oiriúnach ar gach bealach cuí eile le ceapadh sa phost atá i gceist.

Agus má éiríonn le hiarrthóir ní cheapfar an té sin sa phost go dtí:

- Go n-aontóidh siad glacadh leis na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go nglacfaidh siad leis na coinníollacha faoina gcomhlíontar na dualgais nó na coinníollacha faoina gcaithfear na dualgais a chomhlíonadh;
- Go bhfuil siad go hiomlán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost agus go bhfuil siad go hiomlán ábalta tabhairt fúthu;
- Go ndeimhneoidh scrúdú dochtúra go bhfuil siad folláin leis an gceapachán a ghlacadh.

## Iarrthóirí a mheas a bheith tarraingthe siar

Aon iarrthóir nach ndéanfaidh freastal ar agallamh nó tástáil eile ag an am agus an áit a éilíonn Údarás na Gaeltachta nó nach soláthraíonn, arna éileamh, cibé fianaise atá riachtanach ó Údarás na Gaeltachta maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarratas, ní bheidh sé nó sí i dteideal aon bhreithnithe eile.

## Seirbhís Ardchaighdeáin Custaiméirí

Bímid ag iarraidh seirbhís den scoth a sholáthar dár gcuid custaiméirí. Sa chás ar aon chúis nach bhfuil tú sásta le haon chuid den tseirbhís a fhaigheann tú uainn, iarraimid ort é sin a chur in iúl don Rannóg Acmhainní Daonna. Tá sé sin tábhachtach le go mbeadh a fhios againn faoin bhfadhb agus go mbeidh deis againn na bearta cuí a ghlacadh leis an scéal a réiteach. Tabharfar aiseolas i scríbhinn.

## An tAcht um Chosaint Sonraí 2018

Nuair a gheobhaimid d'fhoirm iarratais, cruthóimid taifead i d'ainm ina mbeidh go leor den eolas pearsanta a bheidh curtha ar fáil agat. Ní bhainfear leas as an taifead pearsanta sin ach leis an iarratas a phróiseáil agus má éiríonn leat cuirfear eolas áirithe a chuir tú ar fáil ar aghaidh go dtí an bord agallaimh. Tá eolas den sórt sin faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach san Acht um Chosaint Sonraí 2018.

Le hiarratas a dhéanamh ar shonraí pearsanta, déan teagmháil le hOifigeach um Chosaint Sonraí na heagraíochta ag acs@udaras.ie

## Ráiteas Príobháideachais an Iarratasóra – Údarás na Gaeltachta – Rialtóir Sonraí

### Aidhm na próiseála

Tugann Údarás na Gaeltachta faoi phróisis earcaíochta chun poist laistigh den eagraíocht a líonadh. Nuair a bhítear ag cur isteach ar na comórtais seo, iarrtar ar iarrthóirí réimse cáipéisí a chur faoinár mbráid, m.sh foirm iarratais, CV agus/nó litir chumhdaigh.

Tá Ráiteas Príobháideachais an Iarratasóra ar fáil d'iarrthóirí atá ag cur isteach ar phoist in Údarás na Gaeltachta agus tá eolas breise faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí "RGCS" agus Iarratais ar Shonraí Pearsanta le fáil ag www.udaras.ie.

Tá bunús dlíthiúil le próiseáil na sonraí seo agus roinntear na sonraí nuair is gá, féach thíos.

### Ag stóráil iarratas, freagraí a admháil agus comhfhreagras le hiarrthóirí.

Tá eolas áirithe ag teastáil le cur i gconarthaí d'iarrthóirí a n-éiríonn leo. Teastaíonn eolas ón mbord agallaimh do ghearrliostú agus próiseas agallaimh agus b'fhéidir le teistiméireachtaí a sheiceáil. Ó am go ham, bíonn daoine neamhspleácha ar bhord agallaimh agus roinntear an t-eolas a chuirtear ar fáil leis na daoine seo mar chuid den phróiseas roghnúcháin.

Is rímhaith atá a fhios ag Údarás na Gaeltachta faoinár gcuid dualgas RGCS agus déantar na sonraí uile lena mbaineann a bhainistiú de réir na rialachán cuí.

D'iarrthóirí a n-éiríonn leo, coinneofar a n-iarratais agus aon pháipéarachas lena mbaineann ar a gcomhad pearsanra ar feadh a dtréimhse fostaíochta agus de réir mar is gá do thréimhse ina dhiaidh sin. D'iarrthóirí nach n-éiríonn leo, coinneofar a n-iarratais agus aon chomhfhreagras ar feadh tréimhse bliana. Beidh na sonraí seo á mbainistiú ag an Rannóg Acmhainní Daonna. Caithfear le chuile shonra pearsanta go rúnda agus cuirfear chuile bheartas slándála cuí i bhfeidhm.

### Cearta na nIarrthóirí:

Aithníonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil cearta ag iarrthóirí agus sonraítear iad sin thíos.

### Rochtain:

Is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh agus rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta am ar bith agus is féidir iarratas agus cóip a fháil ar na sonraí pearsanta seo i bhformáid leictreonach/ inaistrithe.

### Scrios:

Is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh go scriosfaí na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil.

### Ceartú:

Is féidir le hiarrthóirí aon eolas míchruinn a cheartú.

### Agóid:

Is féidir le hiarrthóirí agóid a dhéanamh maidir le próiseáil an eolais seo.

### Gearán:

Is féidir le hiarrthóirí gearán a dhéanamh lenár nOifigeach um Chosaint Sonraí, “OCS”, inmheánach (sonraí teagmhála thíos) agus/nó gearán a dhéanamh leis an údarás cuí in Éirinn, an Coimisiún um Chosaint Sonraí.

**Sonraí OCS Údarás na Gaeltachta**

acs@udaras.ie
nó
An tOifigeach um Chosaint Sonraí, Údarás na Gaeltachta, na Forbacha, Co. na Gaillimhe, 091 503100

### Eolas Breise ar Chosaint Sonraí:

Láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí – **www.dataprotection.ie**.

Cuir glaoch ar Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí ar 1890 252231 nó seol r-phost chuig **info@dataprotection.ie**.

Údarás na Gaeltachta

**Údarás na Gaeltachta**
Na Forbacha, Co. na Gaillimhe,
H91 TY22, Éire

**www.udaras.ie**

Fón: +353 (0)91 503 100
R-phost: eolas@udaras.ie